*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*

*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta:***

**don Roinn Oideachais**

**don Roinn Fostaíochta agus Foghlama**

**don Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Bunscoil an Chaistil
# Baile an Chaistil

# Dáta na Cigireachta: Eanáir 2008

**TUAIRISC AR CHIGIREACHT LEANTACH I MBUNSCOIL AN CHAISTIL, BAILE AN CHAISTIL, CO AONTROMA, BT54 6QQ (304-6653)**

Sa chigireacht fhócasaithe a rinneadh ar Bhunscoil an Chaistil i mí na Samhna 2005 tugadh aird ar leith ar láidreachtaí na scoile, agus orthu siúd bhí:

- na páistí cúirtéiseacha measúla;
- an bhraistint láidir pobail;
- na naisc le Naíscoil an Chaistil agus leis an phobal máguaird;
- an bhraistint láidir d'obair bhuíne i measc na múinteoirí;
- tiomantas agus dícheall na múinteoirí;
- na láidreachtaí a breathnaíodh i gcuid mhaith den teagasc a bhí i gcónaí sásúil agus, ar ócáidí, an-mhaith.

Aithníodh sa chigireacht gur ghá feabhsúcháin a dhéanamh sna príomhréimsí seo a leanas:

- a chinntiú, mar ábhar práinne, go mbeidh an oiliúint, an doiciméadacht agus na nósanna imeachta uile maidir leis an tréadchúram agus le cosaint leanaí ag cloí le ceanglais Chiorclán 1999/10 agus Chiorclán 2003/13 de chuid na Roinne Oideachais;
- clár matamaitice atá níos cothroime agus níos dúshlánaí a sholáthar;
- a shainaithint ar bhonn níos mionchúisí cad iad na réimsí atá le forbairt i dtaca leis an churaclam agus le hoiliúint foirne chun feabhsú a chur chun cinn san fhoghlaim agus sa teagasc.

San idirlinn, ó bhí an chigireacht ann, tharla na nithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na scoile:

- tá an Príomhoide i ndiaidh Cáilíocht Ghairmiúil mar Phríomhoide a fháil ag an Aonad Oiliúna Réigiúnach; agus
- tá an scoil i ndiaidh tabhairt faoi chlár forbartha agus feabhsaithe faoi threoir Oifigeach ó Sheirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta Churaclaim (SCTC) Bhord Oideachais agus Leabharlann an Oirthuaiscirt agus ó fhoireann idirbhoird na Seirbhíse Comhairligh agus Tacaíochta Curaclaim don Earnáil Lán-Ghaeilge.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna cuairt ar an scoil i bhFeabhra agus i Márta 2007 agus rinne sí cigireacht leantach ar 8 Eanáir 2008.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh ó bhí an chigireacht fhócasaithe ann:

- rinneadh athbhreithniú agus coigeartú ar phlean forbartha na scoile i bhfianaise chinntí na cigireachta;

- rinne an scoil athbhreithniú agus leasú ar na socruithe aici le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí agus cuirtear na treoracha, a bhfuil cur síos orthu i gciorcláin iomchuí na Roinne Oideachais, i bhfeidhm anois go hiomlán;

- le tacaíocht ó Sheirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta an Churaclaim d'ullmhaigh an scoil scéimeanna oibre don mhatamaitic ar fud na scoile chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht, seicheamh, idirdhealú agus dúshlán ann; agus

- le tacaíocht ó Sheirbhís Chomhairleach agus Tacaíochta an Churaclaim bhunaigh an scoil clár oiliúna foirne atá dírithe go soiléir ar an churaclam, ar mhodhanna foghlama agus teagaisc, ar fhéinmheastóireacht agus ar fheabhsúchán.

Tá dul chun cinn mór déanta sna réimsí a bhí le feabhsú agus a aimsíodh le linn na chéad chigireachta. Tá freastal maith á dhéanamh ar riachtanais oideachais agus tréadchúraim na bhfoghlaimeoirí. Féadfaidh na tuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne muinín a bheith acu as a éifeachtaí a d'fhreagair an scoil do chinntí na cigireachta fócasaithe agus as an chumas atá inti cloí le féinfheabhsú go buan.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais:  www.deni.gov.uk